*Gaelscoil Bhrian Bóroimhe,*
*Coill na nÚll,*
*Sord,*
*Co. Átha Cliath*

*Scoil Idirchreidmheach*

*Fón: 8902799*

*Faics: 8700044*

*U.R. 20095C*

*Suíomh Idirlín: www.gsbb.ie*

*Ríomhphost:oifig@gsbb.ie*

# Polasaí Cosanta Sonraí Samhain 2019

## Ráiteas Tosaigh

Léiríonn an polasaí seo an modh ina ndéantar sonraí pearsanta ar an bhfoireann, ar mhic léinn agus ar dhaoine aonair eile (e.g. tuismitheoirí, baill den bhord bainistíochta, &rl) a choinneáil agus cén chaoi a ndéantar na sonraí i gceist a chosaint.

Cuireadh an polasaí seo le chéile ag foireann na scoile i gcomhairle le Bord Bainistíochta na scoile Mí na Samhna 2019.

## Scóip

Bainfidh an polasaí le sonraí pearsanta a choinneáil agus a phróiseáil, de láimh agus ar ríomhaire araon, ina measc sonraí pearsanta ar an bhfoireann scoile agus ar mhic léinn.

*Sonraí: ciallaíonn sin faisnéis i bhfoirm inar féidir í a phróiseáil. Áirítear ann sonraí uathoibrithe (faisnéis ar ríomhaire nó faisnéis a taifeadadh chun í a chur ar ríomhaire ar ball) agus lámhshonraí (faisnéis a choimeádtar mar chuid de chóras comhaid ábhartha nó le hintinn é a bheith ina chuid de chóras comhaid ábhartha)*

*Córas comhaid ábhartha: ciallaíonn sin aon tacar d'fhaisnéis, bíodh is nach bhfuil sé ríomhairithe, atá struchtúrtha trí thagairt do dhaoine aonair, nó trí thagairt do chritéir i dtaobh daoine aonair, i dtreo is gur furasta rochtain ar fhaisnéis shonrach i dtaobh daoine aonair ar leith.*

*Sonraí pearsanta: ciallaíonn sin sonraí a bhaineann le duine aonair beo is féidir a aithint ó na sonraí nó ó na sonraí i dteannta faisnéise eile atá i seilbh an rialaitheora sonraí, nó gur dóichí go mbeidh siad ina s(h)eilbh.*

*Rialaitheoir sonraí: ciallaíonn sin duine aonair nó aonán dlí a rialaíonn inneachair agus úsáid sonraí pearsanta. Is féidir an scoil a mheas ina rialaitheoir sonraí, an príomhoide ag feidhmiú ar son an bhoird bhainistíochta chun na feidhmeanna i gceist a chomhlíonadh.*

Baineann an polasaí le foireann na scoile go léir, le scoláirí, leis an mbord bainistíochta, le tuismitheoirí/caomhnóirí, le cainteoirí ar cuairt agus le héascaitheoirí seachtracha.

## Réasúnaíocht

- Tá sé mar dhualgas ar scoileanna géilleadh don Acht Um Chosaint Sonraí, 1988 agus don Data Protection (Amendment) Act, 2003 (da ngairtear na hAchtanna um Chosaint Sonraí feasta).

- Faoi Alt 9(g) den Acht Oideachais, 1998, caithfear rochtain a bheith ag tuismitheoirí mic léinn, nó ag mac léinn a bhfuil 18 bliain d'aois slánaithe aige/aice, ar na taifid atá coimeádta ag an scoil i dtaca le dul chun cinn an m(h)ic léinn san oideachas.

- Faoi Alt 20 den Acht Oideachais (Leas), 2000, ní mór don scoil clár a choinneáil de gach mac léinn a bheidh ag freastal ar an scoil.

- Faoi Alt 21 den Acht Oideachais (Leas), 2000, ní mór don scoil freastal nó neamhfhreastal na mac léinn atá cláraithe sa scoil, a thaifeadadh gach aon lá scoile.

- Faoi Alt 28 den Acht Oideachais (Leas), 2000, féadfaidh rialaitheoir sonraí sonraí pearsanta a bheidh á gcoimeád aige nó aici, nó faisnéis arna baint as sonraí den sórt sin, a sholáthar do rialaitheoir sonraí comhlachta fhorordaithe eile más deimhin leis nó léi gur chun críche iomchuí, agus chuige sin amháin, a úsáidfear iad. Feic Alt B 3 thíos faoi Eochairbhearta.

**An gaol le spiorad sainiúil na scoile (misean/fís/aidhmeanna na scoile)**

- *Déanann Gaelscoil Bhrian Bóroimhe iarracht cur ar chumas gach dalta a (h)acmhainneacht a fhorbairt i suíomh slán sábhailte tarraingtheach foghlama.*

**Aidhmeanna/Cuspóirí**

1. A dheimhniú go ngéilleann an scoil do na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

2. A dheimhniú go ngéilleann an scoil do na hocht rialacha cosanta sonraí mar atá siad leagtha amach ag an gCoimisinéir Cosanta Sonraí, iad bunaithe ar na hAchtanna (feic thíos).

3. A dheimhniú go gcumhdófar cearta cosanta sonraí na mac léinn, na foirne agus ball eile den chomhluadar scoile.

**Eochairbhearta (inneachar an pholasaí)**

**A. Mionsonraí de na sonraí pearsanta uile a choinneofar, an fhormáid ina gcoinneofar iad agus an chuspóir (na cuspóirí) a bhí le bailiú na sonraí i ngach cás. ( TL = Taifead Láimhe,TR = Taifead Ríomhaire, TLR = Taifead Láimhe & Ríomhaire)**

Na sonraí pearsanta a choinníonn an scoil, féadfaidh siad na sonraí seo a leanas a chuimsiú:

***Taifid foirne:*** Féadfaidh siad seo na sonraí seo a leanas a chuimsiú:
- Ainm, seoladh agus mionsonraí teagmhála, uimh. PSP. **TLR**- Cumarsáid agus teagmháil
- Na taifid bhunaidh iarratais agus ceapacháin. **TLR** - Comhlíonadh Treoirlínte ROS agus na Comhairle Mhúinteoireachta)
- Taifead cheapacháin do phoist trí ardú céime. **TLR** - Treoirlínte ROS
- Mionsonraí asláithreachta ceadaithe (sosanna gairme, saoire thuismitheora, saoire staidéir &rl). **TLR**-Taifead ar thréimhsí ama don scoil agus líon na n-amantaí)
- Mionsonraí an taifead oibre (cáilíochtaí, ranganna a múineadh). **TLR** - próifíl foirne agus dáileadh ranganna
- Mionsonraí gearán agus/nó casaoidí, comhairliúcháin nó pléanna inniúlachta, pleananna ghnímh/feabhsaithe/measúnaithe agus taifead dhul chun cinn san áireamh. **TLR** – taifead

***Taifid mac léinn:*** Féadfaidh siad seo na sonraí seo a leanas a chuimsiú:
- Faisnéis a fhéadfar a iarraidh agus a thaifeadadh ag am cláraithe, ar a n-áirítear:
    - ainm, seoladh agus mionsonraí teagmhála, uimh. PSP. **TLR** – Cumarsáid & ROS
    - ainmneacha agus seoltaí tuismitheoiri/caomhnóirí agus a mionsonraí teagmhála. **TLR** – Cumarsáid

    - creideamh reiligiúnach. **TLR** – ROS agus Teagasc Críostaí
    - bunús ciníoch, eitneach nó náisiúnta. **TLR** – ROS & POD
    - duine a bheith ina b(h)all den Lucht Siúil, más ábhartha. **TLR** – ROS & POD
    - aon tosca speisialta ábhartha (e.g. riachtanais oideachasúla speisialta, ceisteanna sláinte &rl) a bhaineann. **TLR** – aire don dalta & ROS
- Faisnéis ar thaifead acadúil roimhe seo. **TLR** – Oideachas an dalta
- Measúnachtaí siceolaíochta. **TLR** – Oideachas an dalta
- Taifid Fhreastail. **TLR** – Leas an dalta
- Taifead acadúil – ábhair a rinneadh staidéar orthu, sannacháin ranga, torthaí scrúduithe mar atá siad taifeadta ar thuairiscí oifigiúla scoile. **TLR** – Oideachas an dalta & ROS
- Taifid gnóthachtála móra. **TLR** – dul chun cinn an dalta
- Taifid ceisteanna araíonachta agus/nó pionóis a cuireadh i bhfeidhm. **TLR** – cloí le reachtaíocht
- Taifid eile e.g. taifid aon ghortuithe/timpistí móra &rl. **TLR** – cloí le reachtaíocht

***Taifid bhoird bainistíochta:*** Féadfaidh siad seo na sonraí seo a leanas a chuimsiú:

- Ainm, seoladh agus mionsonraí teagmhála gach ball den bhord bainistíochta. **TLR** - Cumarsáid
- Taifid ceapachán don bhord. **TLR** – do phátrúin na scoile
- Miontuairiscí cruinnithe an bhoird bainistíochta agus comhfhreagras chuig an mbord a d'fhéadfadh tagairtí do dhaoine aonair ar leith a bheith ann. **TLR** – Doiciméadú ar chinnidh

**B. Mionsonraí na socruithe atá ar bun chun a dheimhniú go ngéillfear do na hocht rialacha cosanta sonraí**

1. Bailigh agus próiseáil na sonraí go cóir, cothrom
2. Ná coimeád na sonraí ach amháin le haghaidh críche sonraithe, sainráite agus dleathaí amháin nó níos mó
3. Ná húsáid agus ná nocht iad in aon slí a bheidh ar neamhréir leis na críocha sin
4. Coinnigh slán, sábháilte iad
5. Bíodh na sonraí beacht, comhlán agus cothrom le dáta
6. Déan deimhin de go bhfuil siad leordhóthanach, ábhartha gan a bheith iomarcach
7. Ná coimeád níos faide iad ná mar is gá le haghaidh na críche nó na gcríoch
8. Tabhair cóip de shonraí pearsanta an duine aonair dó/di má iarrann sé/sí sin.

***1. Bailigh agus próiseáil na sonraí go cóir, cothrom:***

- Foirm seolta do thuismitheoirí, baill foirne agus baill an Bhoird Bhainistíochta le bheith sínithe ag deimhnniú go bhfuil siad ar an eolas faoi na sonraí a choinnítear agus cad lena thaobh.

- Próiseáiltear faisnéis phearsanta go cóir, cothrom faoi réir ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus toiliú faighte ó bhaill foirne, ó thuismitheoirí/caomhnóirí, nuair is ceart.

- Próiseáiltear faisnéis íogaireach phearsanta go cóir, cothrom faoi réir ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus faightear toiliú follasach ó bhaill foirne, ó thuismitheoirí/caomhnóirí, nuair is ceart.

***2. Ná coimeád na sonraí ach amháin le haghaidh críche sonraithe, sainráite agus dleathaí amháin nó níos mó:***

- Is eol dóibh siúd a mbailítear a sonraí an fáth/na fáthanna lena mbailítear agus a gcoimeádtar iad.

- Is cuspóir dleathach í an chuspóir lena mbailítear agus a gcoimeádtar na sonraí.

- Tá lucht bainistíochta na scoile feasach ar na tacair éagsúla sonraí atá á gcoimeád agus ar an gcuspóir atá le gach ceann ar leith acu.

***3. Ná húsáid agus ná nocht iad in aon slí a bheidh ar neamhréir leis na críocha sin:***

- Úsáidtear sonraí i slite atá i gcomhréir leis an gcuspóir/na cuspóirí lena bailíodh iad agus insna slite sin amháin.

- Nochtar sonraí i slite atá i gcomhréir leis an gcuspóir/na cuspóirí sin agus insna slite sin amháin.

- Tá nós imeachta ar bun, atá faoi réir ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí, chun aistriú faisnéise chuig scoil eile a éascú nuair a aistríonn mac léinn as an scoil. Faightear cead na dtuismitheoirí i gcónaí roimh ré.
  **Nóta:** Faoi Alt 20 den Acht Oideachais (Leas), 2000, ní mór do gach príomhoide clár a choinneáil d'ainmneacha na leanaí go léir atá ag freastal ar an scoil sin. Nuair a aistríonn leanbh as an scoil, ní mór do phríomhoide na scoile sin a chur in iúl do phríomhoide na scoile eile aon fhadhb freastal scoile a bhain leis an leanbh sin agus aon nithe eile maidir le dul chun cinn oideachasúil an linbh san a mheastar don phríomhoide a bheith iomchuí. Faoi Alt 28 den Acht, is féidir le scoileanna sonraí pearsanta, nó faisnéis a tógadh as a leithéid de shonraí, a sholáthar do scoileanna eile nó do chomhlacht forordaithe eile má bhíonn siad sásta go mbainfear úsáid astu chun cuntas ar dhul chun cinn oideachasúil an mhic léinn a thaifead, chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn oideachasúil an mhic léinn nó chun lánacmhainneacht oideachasúil an mhic léinn a fhorbairt. Is iad na comhlachtaí atá forordaithe faoi Alt 28 (agus a bhfuil sé de chead acu faisnéis a chomhroinnt eatarthu dá thoradh sin):

- An tAire Oideachais agus Eolaíochta (a fholaíonn an Chigireacht agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais)
- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
- An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais
- Gach scoil atá aitheanta faoi Alt 10 den Acht Oideachais, 1998
- Gach áit atá ainmnithe ag an Aire chun bheith ina lárionad oideachais faoi Alt 10 den Acht Oideachais, 1998.

- Is iad na toscaí ina nochtfar sonraí pearsanta do thríú páirtithe, ar a n-áirítear An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais, na Gardaí i gcás imeachtaí dlí, pearsanra Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte &rl ná Cosaint Leanaí, iarratas ó thuismitheoir nó riachtanais dlí.

- An gnás atá ar bun, atá faoi réir ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí, chun aistriú sonraí pearsanta thar lear a éascú ná post cláraithe nó ríomhphost le pasfhocal a úsáid.

Eisceachtaí don riail in aghaidh nochta:

- Féadtar sonraí a nochtadh nuair a éilíonn an dlí sin
- Féadtar sonraí a nochtadh de ghnáth don duine aonair féin nó lena c(h)ead (feic 8 thíos).

***4. Coinnigh slán sábháilte iad:***

Ní mór bearta cuí slándála a chur ar bun chun rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí, nó athrú, nochtadh nó scriosadh na sonraí a chosc agus chun a gcailliúint nó a scriosadh de thaisme a chosc.

- Tá rochtain ar an bhfaisnéis (agus cead taifid a mhéadú/a leasú/a scrios amach), teoranta d'fhoireann údaraithe ar bhonn "an t-eolas de dhíth".
- Ag Príomhoide, Príomhoide Tánaisteach, Príomhoide Cúnta 1 agus múinteoirí ábhartha atá bainteach go díreach le hoideachas an pháiste atá rochtain ar cén fhaisnéis ar bhonn an pholasaí seo "an t-eolas de dhíth.
- Tá córais ríomhaire cosanta ag pasfhocal.
- Coinnítear faisnéis ar scáileáin ríomhaire agus ar chomhaid láimhe as radharc cuairteoirí ar an oifig/an scoil.
- Tá gnáis chúltaca i bhfeidhm do shonraí atá coinnithe ar ríomhaire.
- Tá gach beart réasúnta curtha i bhfeidhm chun a dheimhniú go bhfuil an fhoireann eolach ar na bearta slándála, agus go gcomhlíonann siad iad.
- Cuirtear de láimh go cúramach gach uile dramhpháipéar, prionta amach &rl.
- Tógtar céimeanna chun a chinntiú nach féidir le aon duine neamhúdaraithe rochtain ar shonraí, as ríomhairí nach bhfuil in úsáid feasta, nó a bhfuil athrú úsáide i ndán dóibh.
- Is iad an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach na daoin ainmnithe chun a bheith freagrach as slándáil.
- Déantar athbhreithnithe tréimhsiúla ar na bearta agus ar na gnáis atá ar bun.
- Tá an t-áitreabh daingean nuair nach bhfuil éinne ann.
- Tá conradh i bhfeidhm le próiseálaí sonraí a fhágann dualgas coibhéiseach slándála ar an bpróiseálaí sonraí.

***5. Bíodh na sonraí beacht, comhlán agus cothrom le dáta:***

- Tá gnáis chléireachais agus ríomhaire leordhóthanach chun ardleibhéil beachtas sonraí a chinntiú.
- Tá gnáis iomchuí ar bun, athbhreithniú agus iniúchadh tréimhsiúil san áireamh, chun a chinntiú go gcoimeádtar gach mír sonraí cothrom le dáta.

***6. Déan deimhin de go bhfuil sé leordhóthanach, ábhartha gan a bheith iomarcach:***

- Tá an fhaisnéis atá á coinneáil leordhóthanach do na cuspóirí lena bhfuil sí á coinneáil.
- Tá an fhaisnéis atá á coinneáil, ábhartha do na cuspóirí lena bhfuil sí á coinneáil.
- Tá an fhaisnéis atá á coinneáil gan a bheith iomarcach do na cuspóirí lena bhfuil sí á coinneáil.

***7. Ná coimeád níos faide iad ná mar is gá le haghaidh na críche nó na gcríoch:***

Go ginearálta, ní cóir sonraí a choinneáil níos faide ná mar is gá chun an fheidhm lenar taifeadadh ar dtús iad a chomhlíonadh. Ní féidir tréimhsí coinneála a fhorordú go docht chun gach cás a chuimsiú agus ní mór do scoileanna dul i muinín a mbreithiúnais féin maidir le gach catagóir taifead atá coinnithe. Ba cheart na héilimh ar leith seo a leanas a chomhlíonadh, áfach:

- Ní mór na cláir scoile agus na leabhair rolla scoile a choinneáil insan scoil i gcónaí. Tá sé i gceist faoi láthair na hAchtanna um Chosaint Sonraí a leasú chun a cheadú do scoileanna cláir agus leabhair rolla scoile comhlánaithe nach dteastaítear a thuilleadh do chúrsaí riaracháin, a lonnú i Seirbhís Chartlainne na nÚdarás Áitiúla. Cuirfidh an Roinn in iúl do scoileanna aon athruithe ar na hAchtanna ina leith seo.

    - Ba chóir na taifid phá agus cánach agus taifid seirbhíse phearsanra scoile a bhaineann leo sin a choinneáil sa scoil i gcónaí.

    - Áit a bhfuil an féidearthacht ann go mbeadh dlíthíocht i gceist sna todhchaí (e.g. maidir le timpistí/gortuithe pearsanta a bhainfeadh do phearsanra scoile nó do mhic léinn nó timpistí a tharlódh ar shealúchas scoile), ba chóir na taifid ábhartha a choinneáil go dtí go mbíonn deireadh leis an bhféidearthacht dlíthíochta.

      **Nóta:** Faoi reacht na dtréimhsí is í dhá bhliain an tréimhse theorann i dtaca le gortuithe pearsanta faoi láthair. Ní hionann an tréimhse theorann do chúiseanna caingne eile, ach ní mó ná sé bhliain í i bhformhór na gcás. Ní thosaíonn an tréimhse theorann ar rith go dtí go bhfaigheann an duine lena mbaineann sé eolas ar na fíricí as a n-éiríonn an t-éileamh. I gcás mionaoiseach, ní thosaíonn an tréimhse theorann ar rith go dtí an 18ú breithlá acu nó níos fuide anonn ná sin má tá an dáta ar a bhfuair siad an t-eolas níos déanaí ná a 18ú breithlá. Bíodh is go mba mhian le scoileanna, b'fhéidir, a bpolasaithe féin a leagadh síos maidir leis an fhaid ba chóir taifid den sórt sin a choinneáil, dhealródh sé go mba chríonna an beart é gan taifid a mhilleadh, gur dóichí go mbéidís ábhartha i gcás dlithíochta, go dtí go mbíonn an **tréimhse theorann sé bliana** caite ar a laghad.

I gcomhréir lena bhfuil thuas, moltar go gcoinneofaí, de ghnáth, an fhaisnéis ar chomhad mhic léinn ar feadh tréimhse sé bliana tar éis don mhac léinn an Timthriall Sinsearach a chríochnú agus/nó do 18 mbliana a bheith slánaithe aige/aici. Coimeádtar iad go dtí go mbíonn 21 bliain slánaithe ag iardhaltaí Ghaelscoil Bhrian Bóroimhe.

***8. Tabhair cóip de shonraí pearsanta an duine aonair dó/di má iarrann sé/sí sin:***

Ar iarratas rochtana a dhéanamh dó/di, tá aon duine aonair (faoi réir ag na sriantachta i Nótaí A agus B thíos), faoina gcoinníonn tú sonraí pearsanta, i dteideal na nithe seo a leanas a fháil:

- cóip de na sonraí a gcoinnítear faoi/fúithi
- eolas faoin gcuspóir lena bpróiseáiltear a s(h)onraí
- eolas faoi cé hiad a nochtadh na sonraí leo
- eolas faoi cá has a dtógadh na sonraí muna bhfuil sé seo in aghaidh an leasa phoiblí
- eolas ar an loighic taobh thiar de chinnidh uathoibrithe
- cóip d'aon sonraí atá i bhfoirm tuairimí, ach amháin nuair a tugadh na tuairimí céanna faoi rún.

Chun iarratas rochtana a dhéanamh ní mór don duine aonair:

- iarratas a dhéanamh i scríbhinn

- aon mionsonraí a thabhairt a theastódh, b'fhéidir, chun cabhrú leis an scoil é/í a shainaithint agus gach faisnéis atá á coinneáil faoi/fúithi a aimsiú

Tá roinnt eisceachtaí ann ón riail ghinearálta maidir le Ceart Rochtana, ina measc iad siúd atá sonraithe i Nótaí A agus B thíos.

**Éilimh rochtana a láimhseáil:**

- Tá an príomhoide freagrach as éilimh rochtana a láimhseáil.
- Tá gnásanna ar bun chun rochtain ar shonraí pearsanta maidir leo féin a sholáthar d'iarratasóirí i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí mar atá sonraithe thuas.
- Bíonn litir shínithe phearsanta agus aitheantas pearsanta le grianghraif chun sainaithint a chruthú d'fhonn rochtain ar shonraí pearsanta.
- Coimeádtar toradh aon imeachtaí dlíthiúla a laghdaigh ceart tuismitheora amháin nó na beirte acu rochtain ar fhaisnéis maidir lena leanbh i gcomhad san oifig.
  **Nóta:** Más rud é go bhfuil céilí idirscartha agus go bhfuil ordú caomhnóireachta faighte ag duine amháin díobh ach gur caomhnóirí iad araon i gcónaí, ansin tá an bheirt acu i dteideal bheith páirteach i gcinnidh thábhachtacha a théann i gcion ar an leanbh.
- Seiceáiltear gach comhad láimhe agus ríomhaire le haghaidh na sonraí gur ina leith atá an t-iarratas rochtana á dhéanamh.
- Sa chás go bhfui aon fhaisnéis mícheart, mar a shainaithníonn an duine faoina gcoinnítear na sonraí í, déanfar í a cheartú nó a scriosadh amach laistigh de 40 lá ón dáta a rinneadh an t-iarratas.
- Cuirtear an fhaisnéis ar fáil go pras agus laistigh de 40 lá ón iarratas a bheith faighte nó, i gcás sonraí scrúdaithe, laistigh de 60 lá ón iarratas a bheith faighte nó laistigh de 60 lá ó chéad fhoilsiú na dtorthaí (pé acu is déanaí).
- Soláthraítear an fhaisnéis i bhfoirm atá soiléir don ghnáthdhuine.
- Cuirtear an duine ar an eolas laistigh de 40 lá ón iarratas más rud é nach bhfuil aon fhaisnéis coinnithe faoi/fúithi?

**Nóta A: Iarratas rochtana ó mhic léinn**

- Tá mic léinn a bhfuil 18 mbliana nó níos mó slánaithe acu i dteideal rochtana ar fhaisnéis phearsanta i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí.
- Féadtar rochtain ar a bhfaisnéis phearsanta a thabhairt do mhic léinn faoi bhun 18 mbliana d'aois, ag brath ar aois an mhic léinn agus ar nádúr an taifid i.e. moltar mar seo:
  - más fhaisnéis ghnách, neamhchonspóideach atá inti (e.g. taifead toradh trialach) d'fhéadfaí rochtain a thabhairt don mhac léinn go furasta
  - más fhaisnéis íogaireach atá inti, ba den chríonnacht é toiliú tuismitheora/chaomhnóra a lorg
  - má tá míchumas nó míshláinte de shaghas éigin ar an mac léinn a thógfadh óna c(h)umas an t-eolas a thuiscint, nó más dóichí go ndéanfadh nochtadh an eolais díobháil don duine aonair i gceist, ba chóir toiliú tuismitheora/chaomhnóra a lorg.

**Nóta B: Eisceachtaí le nótáil:**

- Ba chóir do scoileanna a nótáil go gcoscann na rialacháin um chosaint sonraí soláthar:

    - sonraí sláinte d'othar mar fhreagairt ar iarratas rochtana más amhlaidh go mbeadh sé sin ina chúis le díobháil mhór a dhéanamh dá s(h)láinte intinne nó coirp. Éilíonn na rialacháin, chomh maith, gur "ball de ghairm na sláinte" (de ghnáth, dochtúir an othair féin) nó duine atá tar éis dul i gcomhairle le ball de ghairm na sláinte a chuirfidh na sonraí sin in iúl agus iad sin amháin.

    - sonraí pearsanta a fhaightear le linn do dhuine a bheith gafa le hobair shóisialta, más amhlaidh go mbeadh sé sin ina chúis le díobháil mhór a dhéanamh do shláinte nó bail mhothúchánach an duine lena mbaineann na sonraí. Tá feidhm ag na rialacháin i leith oibre sóisialta a dhéanann Airí, údaráis áitiúla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó aon comhlachtaí eile dá leithéid a fhaigheann cabhair airgeadais as an gciste poiblí.

## Naisc le Polasaithe Eile agus le Cur i Láthair an Churaclaim

**Sainaithin aon naisc le polasaithe scoile gaolmhara**

Is gá go mbeadh polasaithe scoile comhsheasmhach lena chéile, laistigh de chreatlach fhoriomlán an Phlean Scoile. Ba cheart polasaithe bainteacha scoile atá ar bun cheana féin, nó atá á bhforbairt nó á n-athbhreithniú, a chíoradh i gcomhthéacs an pholasaí cosanta sonraí agus ba cheart tabhairt faoi impleachtaí ar bith atá aige dóibhsan.

D'fhéadfadh na polasaithe seo leanas a bheith ina measc siúd a mhachnófaí:

- An Polasaí Cosanta Leanaí
- An Plean Treorach
- An Polasaí in aghaidh Bulaíochta
- An Polasaí do Mhí-úsáid Substaintí
- Cód Iompair.

**Sainaithin aon naisc le cur i láthair an churaclaim**

- OSPS (Ceart Úsáid an Idirlín)

## Socruithe do Chur i bhFeidhm, Rólanna agus Freagrachtaí

Is é an príomhoide an duine dá sannfar ról comhordaithe chur i bhfeidhm an pholasaí, an duine a bheidh freagrach as a dheimhniú go bhfuil foireann a láimhseálann sonraí pearsanta, nó a bhfuil rochtain acu orthu, eolach ar a bhfreagrachtaí cosanta sonraí.

Beidh eochair-ról ag foireann riaracháin na scoile i gcur i bhfeidhm an pholasaí agus ba chóir cóip den pholasaí agus faisnéis ábhartha eile a thabhairt dóibh. Ba chóir rianú ginearálta den pholasaí, ar a laghad, a chur ar fail d'fhoireann teagaisc, agus achoimre ann ar na hocht rialacha cosanta sonraí.

## Daingniú & Poibliú

- Daingnithe ag an mbord bainistíochta Samhain 2019
- Roinnte leis an bhFoireann ag cruinniú foirne. Ar fáil ar an suíomh idirlín do thuismitheoirí agus foirm le síniú acu nuair a chláraíonn siad an páiste sa scoil don chéad uair. Le síniú ag tuismitheoirí reatha roimh Nollaig 2019.

## Dáta Chur i bhFeidhm

Feidhm ag an bpolasaí seo ó Nollaig 2019

**Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an pholasaí**

Déanfaidh an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach monatóireacht ar chur i bhfeidhm an pholasaí.

**Athbhreithniú agus measúnú an pholasaí**

- 2 bhliain a bheidh idir na hathbhreithnithe a dhéanfar ar oibriú an pholasaí féachaint len é a leasú.
- Roinnt táscairí praiticiúla a úsáidfear chun tionchar agus éifeachtacht an pholasaí a thomhas ná:
  - cé chomh feasach is atá mic léinn, foireann agus tuismitheoirí/caomhnóirí faoin bpolasaí?
  - cé chomh héifeachtach is atá an chaoi ina ndéileáltar le hiarratais rochtana ar shonraí pearsanta?
  - cé chomh beacht is atá taifid sonraí pearsanta?
  - cé chomh sábháilte a gcoinnítear taifid sonraí pearsanta?
  - cé chomh deimhin atáthar nach gcoinnítear taifid sonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá?

Sínithe ag Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta ar an 25/11/19.

Síniú: Maire Z. Mhic Ó